Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7329/26**
**ADD 1**

**POLCOM 100**
**COMER 41**
**DELACT 51**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1591 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún<br>lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1591 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 1591 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.3.2026
C(2026) 1591 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

## IARSCRÍBHINN

**'Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile**

| | |
|---|---|
| Dáta cur i bhfeidhm | 29/10/2025 |
| Sásraí eile | |
| Forálacha atá sa Chomhaontú | IARSCRÍBHINN I – E<br>Airteagal 2 – Caighdeáin táirgthe<br><br>"1. Déanfaidh an Úcráin a reachtaíocht a ailíniú le gníomhartha dlí an Aontais atá liostaithe i bhFoscríbhinn C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo faoin 31 Nollaig 2028.'<br><br>"5. Más rud é, d'ainneoin mhír 4, nach féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go bhfuil oibleagáid na hÚcráine faoi mhír 1 comhlíonta aici, féadfaidh an tAontas na fabhair uile, nó cuid díobh, a dheonaítear de bhun Airteagal 1 le haghaidh táirgí ábhartha a chur ar fionraí. Tabharfaidh an tAontas fógra don Úcráin, gan mhoill, ina leagfar amach an rún atá aige fabhair a chur ar fionraí. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an bhfionraí tráth nach luaithe ná 30 lá ón dáta a sheachadfar an fógra don Úcráin.<br><br>6. Arna iarraidh sin don Úcráin, agus tar éis faisnéis nua a sheachadadh, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chomhlíontacht na hÚcráine le mír 1 maidir le gníomh dlí ábhartha an Aontais. Ní mhairfidh an t-athbhreithniú níos faide ná 4 seachtaine agus féadfaidh comhairliúcháin idir na Páirtithe a bheith i gceist leis. Má thagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil oibleagáid na hÚcráine faoi mhír 1 comhlíonta aici, tabharfaidh an tAontas an chuid de na fabhair faoi Airteagal 1 a cuireadh ar fionraí isteach arís laistigh de 2 mhí.'<br><br>Airteagal 3 – Bearta cosanta<br><br>"1. Más rud é gur tháinig deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil de chineál earnála nó réigiúnach chun cinn, ar dócha go leanfaidh siad ar aghaidh, nó má tá baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn, i gcás ceachtar den dá Páirtí, lena n-áirítear i gcás an Aontais i mBallstát amháin nó níos mó, mar thoradh ar allmhairí táirge a chumhdaítear leis an laghdú breise nó leis an díothú breise dleachtanna custaim faoi Airteagal 1, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann bearta coimirce iomchuí a dhéanamh i leith na bhfabhar a dheonaítear faoi Airteagal 1.<br><br>2. Tabharfaidh an Páirtí lena mbaineann fógra don Pháirtí eile, gan mhoill, go bhfuil sé beartaithe aige bearta coimirce a dhéanamh agus soláthróidh sé gach faisnéis ábhartha. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán láithreach d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach.<br><br>3. Ní fhéadfaidh an Páirtí lena mbaineann bearta coimirce a dhéanamh go dtí go mbeidh mí amháin istigh ó dháta an fhógra faoi mhír 2, ach amháin má thugtar i gcrích an nós imeachta comhairliúcháin faoi mhír 2 sula rachaidh teorainn ama a shonraítear in éag. I gcás nach féidir réamhscrúdú a dhéanamh de bharr imthosca eisceachtúla a éilíonn gníomh láithreach, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann na bearta coimirce is gá a chur i bhfeidhm láithreach chun an staid a leigheas.' |

'